# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Samhain
06/112025







## Abair Do Chuid - Have Your Say

*Táim cinnte go bhfuil cloiste agaibh ar na meáin go bhfuil an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi shuirbhé a dhéanamh ar thuistí a bhfuil páistí acu ag freastal ar an mbunscoil. Sé'n aidhm atá leis an suirbhé ná tuiscint a fháil ar roghanna tuistí maidir leis na bunscoileanna a bhfreastalaíonn a bpáistí orthu faoi láthair nó a bhfreastalóidh siad orthu sna blianta atá le teacht.*

*Cuirfear líon beag ceisteanna sa suirbhé, lena n-áireofar na ceisteanna seo a leanas:*

- *Arbh fhearr leat go mbeadh do bhunscoil ina scoil chomhoideachais nó ina scoil aonghnéis?*
- *Arbh fhearr leat go n-oibreodh do bhunscoil faoi phátrún sainchreidmheach (reiligiúnach) nó go n-oibreodh sí faoi phátrún il-sainchreidmheach (neamhreiligiúnach)?*
- *Arbh fhearr leat go soláthródh do bhunscoil oideachas trí Bhéarla nó trí Ghaeilge go príomha?*

*Is suirbhé tábhachtach é seo. Úsáidfidh an Roinn Oideachais torthaí an suirbhé ina gcuid pleanála do soláthar oideachas ar an leibhéal bunscoile sa todhchaí. Seolfar gach eolas faoin suirbhé seo chugaibh ar r-phost roimh dheireadh na seachtaine. Tá sé fíor-thábhachtach mar sin go gcloistear guth na dtuistí a bhfuil a bpáistí leo ag freastal ar Ghaelscoileanna sa suirbhé seo. Is féidir tacú le deiseanna a bhronnadh ar na glúnta atá le teacht leis an nGaeilge a shealbhú trí 'oideachas trí mheán na Gaeilge' a roghnú. Iarraimíd oraibh mar sin cúpla nóiméad a ghlacadh leis an suirbhé a chomhlánú.*

I am sure you have heard in the media that the Department of Education is conducting a survey of parents who have children attending primary school in Ireland. The aim of the survey is to gain an understanding of parents' preferences regarding the primary schools their children currently attend or will attend in the coming years.

A small number of questions will be included in the survey, including the following:

- Would you prefer your primary school to be a co-educational school or a single-sex school?
- Would you prefer your primary school to operate under a denominational (religious) patron or to operate under a multi-denominational (non-religious) patron?
- Would you prefer your primary school to provide education primarily through the English language or through the Irish Language?

This is an important survey. The Department of Education will use the results of the survey in their planning for the provision of education at the primary school level in the future. All information about this survey will be sent to you by email before the end of the week. It is extremely important that the voices of parents whose children attend Gaelscoileanna are heard in this survey. You can support opportunities for future generations to acquire Irish by choosing 'education through the medium of Irish'. We therefore ask you to take a few minutes to complete the survey.



## Cruinnithe Tuismitheoirí & Múinteoirí

Déardaoin 13 Samhain 2025

14:30 go 20:00

Scoil ag críochnú do na daltaí : School finishing for the pupils - 14:15

## Lá na nGeansaithe

**'Wear, Care, Share'**

*Bailíodh €878 do charthanacht GOAL ar Lá na nGeansaithe ar an Aoine 10 Deireadh Fómhair. Maith sibh.*

## Goal Jersey Day

**'Wear, Care, Share'**

€878 was raised for GOAL Jersey day on Friday 10th October. Maith sibh.

## Ná Dún do Shúile

*Bailíodh €1012* do Chorrán Dearg na Palaistíne, eagraíocht a chuireann seirbhísí éigeandála leighis, cúram otharchairr agus cabhair dhaonnúil ar fáil sa Phalaistín ar an 'Lá Gan Éide Scoile' a eagraíodh ar an Mháirt 21 Deireadh Fómhair.

## Don't Close Your Eyes

€1012 was raised for the Palestine Red Crescent Society, an organisation that provides emergency medical services, ambulance care, and humanitarian aid in Palestine on our No Uniform Day on Tuesday 21 October.

## Féilire Scoile 2026

*Beidh an grianghrafadóir sa scoil an tseachtain seo chugainn le grianghraif ranga a ghlacadh d'Féilire Scoile 2026. Iarraimíd go mbeidh na páistí ar fad gléasta san éide scoile foirmeálta. (carabhat san áireamh má tá ceann sa bhaile). Tá an lá le dearbhú ach seolfar r-phost meabhrúcháin chugaibh an tráthnóna roimh ré.*

## 2026 School Calendar

The photographer will be at the school next week to take class photos for the 2026 School Calendar. We ask that all children be dressed in their formal school uniform (including a tie if you have one at home). Although the day is yet to be confirmed a 'reminder' email will be sent to you the previous afternoon.

## Vacsaín Fliú Srónach

*Beidh Clarius Health ag tabhairt cuairt ar an scoil ar gCéadaoin 19 Samhain leis an vascaín fliú srónach a thabhairt do pháistí saor in aisce dóibh siúd gur mian lena dtuismitheoirí go bhfaighfeadh siad é. Más mian leat go bhfaighfeadh do pháiste an vacsaín bí cinnte go ndéanann tú an fhoirm a bhí sa nasc a fuair tú i r-phost ón scoil ar an 3 Samhain a líonadh.*

## Nasal Flu Vaccine

Clarius Health will visit the school on Wednesday 19th November to administer the free nasal flu vaccine to children whose parents would like them to avail of it. If you would like your child to avail of the nasal flu vaccine, please ensure that you have filled in the form via link in the e-mail you received from the school on Nov. 3rd.

## Coiste na dTuismitheoirí

*Oibríonn Coiste na dTuismitheoirí go dian díograiseach ar son na scoile agus na páistí. Tá sé tábhachtach go dtacaíonn tuismitheoirí uile na scoile leis na himeachtaí a eagraíonn siad. Iarrtar ar thuismitheoirí i ranganna éagsúla lámh cúnta a thabhairt do imeacht amháin i n-aghaidh na bliana; imeachtaí ar nós - maidin caifé, tráth na gceist, tae/caifé a chur ar fáil do chruinnithe tuismitheoirí, Bronntanas Rúnda, Lá na nPancóga, Bricfeasta an Chéad Chomaoineach/Cóineartú srl. Tuigimíd go bhfuil daoine gafa leis an obair agus le saol clainne ach iarraimíd oraibh tacú leis an gCoiste agus leis an scoil tré chuidiú leo agus freastal go fisiciúil ar imeachtaí a eagraíonn an Coiste.*

## Coiste na dTuismitheoirí

The Parents' Committee work diligently & enthusiastically for the benefit of the school and the children. It is important that all parents in the school support the events they organise. Parents in different classes are asked to lend a helping hand at one event during the year; events such as: coffee mornings, table quiz, making tea/coffee for parent meetings, Bronntanas Rúnda, Pancake Day, First Communion/Confirmation Breakfast, etc. We understand that people are busy with work and family life, but we ask you to support your Committee and your school by volunteering to help out when help is needed and equally as important, attending the events that the Committe organise.

*Imeachtaí atá le teacht*

- *Cártaí Nollaig*
- *Féilire Scoile 2026*
- *Bronntanas Rúnda*
- *Bailiúchán Éadaí*

## Ar Scáth a Chéile a Mhairimíd



Upcoming Coiste Events

- Christmas Cards
- 2026 School Calendar
- Bronntanas Rúnda
- Clothes Collection

## Seachtain na Matamaitice - Maths Week 11- 16 10/25



Bhí neart gníomhaíochtaí matamaitice ar siúl ag daltaí uile na scoile i rith Seachtain na Matamaitice i mbliana. Bhí na ranganna gnóthach ag maisiú doirse na seomraí ranga, ag glacadh páirte i dTráth na gCeist, na ranganna sinsearacha ag dearadh cluichí matamaitice do na ranganna sóisearacha, ag glacadh páirte i seisiúin Zúm ar líne le Gaelscoileanna eile ar fud na tíre, ag déanamh iontais de mhata sa timpeallacht tríd na 'súile matamaitice' agus ag baint úsáide as Izak 9.

*There were plenty of maths activities going on for all the students in the school during Maths Week this year. The classes were busy decorating classroom doors, taking part in Maths Table Quizes, the senior classes designing maths games for the junior classes, participating in online zoom sessions with other Gaelscoileanna around the country, discovering the wonders of maths in the environment through 'mathematical eyes' and using Izak 9.*





## Comhairle na nDaltaí - Student Council

Tháinig Comhairle na nDaltaí le chéile chun imeacht tiomsaithe airgid a eagrú do mhuintir na Pailistíne. Chinn siad ar dhá rogha, lá gan obair bhaile nó lá gan éide scoile. Iarradh ar na comhairleoirí filleadh ar a ranganna agus vóta a chaitheamh faoi cé acu den dá rogha ab fhearr leis na daltaí. B'é toradh na vótála ná go mbeadh lá gan éide scoile ann ar Mháirt 21ú agus go n-íocfadh gach dalta €2 ar an lá.

*The Student Council gathered to discuss what event they could do to fundraise for the people of Palestine. They decided on two options, a day with no homework or a no uniform day. The student councillors returned to their respective classrooms and organised a class ballot to decide between to two events. The result of the ballot was the pupils deciding on having a No Uniform Day on Oct 21st and it was agreed that each pupil would donate €2 on the day.*

## Seirbhísí Reiligiúnda 2025/2026

*Dátaí dearbhaithe do sheirbhísí reiligiúnda na bliana seo.*

*R6*

*Searmanas an tSolais R6 Déardaoin 12 Feabhra 2026 18:45*

*Cóineartú R6 – Céadaoin 22 Aibreán 2026 11:30*

*R2*

*Céad Fhaoistin R2 Déardaoin 5 Márta 2026 18:45*

*Céad Chomaoineach R2 Satharn 23 Bealtaine 10:00*



## Religious Ceremonies 2025/2026

Dates confirmed for this years religious ceremonies

R6

Service of Light R6 Thursday 12 February 2026 18:45

Confirmation R6 Wednesday 22 April 2026 11:30

R2

First Confession R2 Thursday 5 March 2026 *18:45*

First Communion R2 Saturday 23 May 2026 10:00

# Camchuairt timpeall na scoile - A quick trip around the school




## N1A Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn

Rinne N1A an-chleachtadh go deo ar  na hamhráin agus rannta a bhí foghlamtha acu ó thosaigh siad ar scoil agus chuireadar seó beag iontach ar siúl dá dtuismitheoirí roimh na Samhna! Tógann páiste amháin Muzzy abhaile leo chuile oíche agus is breá linn éisteacht le scéalta iontacha faoi na heachtraí iontach a bhíonn ag Muzzy i dtithe na bpáistí. Chuireamar aithne le déanaí ar dhaltaí Rang 3, a chruthaigh cluichí mata dúinn, agus ar dhaltaí Rang 6, a scríobh leabhair álainn dúinn.





*N1A practised the songs and rhymes they have learnt since they started school and they put on a wonderful show for their parents before Halloween! One pupil in the class takes Muzzy home with them each night and we love hearing the stories about the wonderful adventures Muzzy has in the children's homes. We recently met the pupils in R3, who created maths games for us, as well as some pupils from R6, who wrote beautiful books for us. We really enjoyed their visits to our classroom.*

## R3A R3B R3C
## Múinteoirí Sarah-Jane Ní Choillte, Catherine Ní Cheallaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh

D'ullmhaigh Rang a Trí cluichí do na Naíonáin le linn Seachtain na Matamaitice. Thaitin sé go mór linn a bheith ag foghlaim le chéile faoi dhathanna, cruthanna agus uimhreacha. Bhaineamar an-taitneamh as traidisiúin Oíche Shamhna a cheiliúradh díreach roimh an mbriseadh meán téarma. Chruthaíomar creatlacha ildathacha a bhaineann le Dia del las Muertos, traidisiúin ó Mheicsiceo san ealaíon.

*The pupils in Rang a Trí prepared games to play with the infant classes during Maths Week. Everyone enjoyed having fun learning about shapes, colours and numbers.  We enjoyed celebrating our own Hallowe'en customs before the mid-term break.  We made sugar skull collages from the Mexican Dia del las Muertos tradition in art.*



## N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

Chuireamar Taispeántas na Samhna ar siúl dár dtuimitheoirí. Bhaineamar an-sult as é a léiriú os comhair lucht féachána. Bhíomar ar bís! Bhí Rang a 6B istigh linn freisin roimh na Samhna, ag léamh na leabhair a scríobh siad dúinn faoi Oíche Shamhna. Bhí na leabhair ar fheabhas ar fad.

*We put on a Halloween Recital for our parents. We really enjoyed performing in front of them! The pupils from Rang 6B came to our class to read Halloween books they wrote and illustrated especially for us. We were so impressed by their work. We really enjoyed reading with them.*








## N2A Múinteoir Caitríona Bairéad



Bhí mí scanrúil againn! Bhaineamar a lán taitneamh as an dán "Púca" agus na hamhráin a d'fhoghlaimíonar don Samhain! Rinneamar stáisiún mata le rudaí a bhailíomar agus múid amuigh ar shiúlóid dúlra.............clocha, duilleoga, cnónna capall, peitil, cipíní, dearcáin, géagáin, sliogáin agus cor phéine! Rinneamar cnámharlach as baitíní cadáis agus bhíomar ag cuimilt duilleoga chomh maith.



*We had a very spooky month! We made a maths station from items we gathered when out on a nature walk. In art we made skeletons from ear buds and leaf rubbings. We really enjoyed our spooky Halloween poems and songs!*

# Camchuairt timpeall na scoile ar lean

## N2B Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Táimid ag baint an-taitneamh as an Fómhar i Rang N2B agus muid ag tabhairt na hathruithe sa nádúr faoi deara. Chuamar ar shiúlóid Fómhair timpeall na scoile ag bailiú duilleoga agus rinneamar iad a chuimilt ar phaipéar le dathanna an Fhómhair.

D'fhoghlaimíomar an dán 'Duilleoga Órga' agus chanamar é chomh maith – 'Is breá liom an fómhar – tá saibhreas san aer'.







*Rang N2B are really enjoying Autumn and noticing the changes in nature. We went on an Autumn walk around the school and collected some fallen leaves. Then we rubbed them on paper using Autumn colours. We learned the poem* 'Duilleoga Órga' *and sang it as well – 'I love Autumn – the rich autumn air'*

## R1A Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Bhí puimcíní á tharraingt & á phéinteáil ag daltaí R1A roimh an mbriseadh. Rinne siad an gearradh agus an dearadh ar fad iad féin. Bhaineadar an-taitneamh as Oíche Shamnhna!

*The pupils in R1A made pumpkins in art class before the break. They did all the cutting and designing themselves. They really looking enjoyed Halloween!*







## R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

Bhí R1B gnóthach ag foghlaim faoi Oíche Shamhna. Ghearramar suas puimcín agus chomhaireamar na síolta a bhí istigh ann. An raibh a fhios agat go mbíonn thart ar 400 síol i ngach puimcín? Scríobhamar posóid d'oíche Shamhna chomh maith!



*Rang 1B have been busy learning all about Halloween. We cut up a pumpkin and counted all the seeds that were in it. Did you know that the average pumpkin has around 400 seeds? We also enjoyed writing magical potions for Halloween!*





## R2A Múinteoir Lauryn Bhreathnach

Táimid tar éis tús a chur le gleacaíocht gach Luan i rith am spóirt agus táimid ag baint an-taitnimh as.



Bhí Lá na Cruite ann i mí Deireadh Fómhair agus thug an Múinteoir Bhreathnach a cruit ar scoil agus rinneamar imscrúdú beag ar an gcruit sa rang.



Chum Rang a Sé cúpla cluiche mata dúinn i gcomhair Seachtain na Matamaitice agus tháinig siad síos go dtí ár rang chun iad a thaispeáint dúinn. Bhíomar an-bhuíoch as sin!

*We have started doing gymnastics every Monday during PE and we are really enjoying it. It was Harp Day a few weekends ago and an Múinteoir Bhreathnach brought her harp into school so that we could take a close look at it. For Maths Week, the Sixth class pupils created a few maths games for us, and they came down to our class to show us how to play them. We really enjoyed playing the maths games with them.*

## R2B Múinteoir Aoife Ní Chonchúir

Bhí mí an-ghnóthach ag R2B. Bhíomar ag foghlaim faoi na céadfaí agus rinneamar turgnamh chun scrúdú a dhéanamh ar na céadfaí. Chlúdaíomar ár súile agus bhí orainn tadhall, blas agus éisteacht a úsáid chun oibriú amach cé na rudaí a bhí á ithe nó á thadhall again. Bhaineamar an-sult as.

D'fhoghlaim an rang amhrán nua darbh ainm 'Mo Dhícheall' le Imagine Dragons. Tá amhránaithe aláinn i R2B agus tá siad ag déanamh sár-iarracht an amhrán a fhoghlaim. Rinneamar drama bunaithe ar scéal Oisín i dTír na nÓg sa rang. Is cinnte go bhfuil aisteoirí maithe san rang!

Bhí seachtain na matamatice againn freisin agus ghlac an rang páirt i gcomórtas scoile ina raibh orainn doras an tseomra ranga a maisiú go matamaticiúil. Rinne an rang sár-iarracht a thaispéaint go bhfuil 'súile matamatice' acu.







*Rang 2B had a very busy month last month. We learned about the senses and carried out an experiment to test our senses. We covered our eyes and had to use our sense of touch, taste and hearing to work out the different things we were touching and tasting. The children were given things such as shaving foam to touch and lime to taste. Everyone really enjoyed this experiment.*

*The class learnt the song 'Believer' by Imagine Dragons trí Ghaeilge. The pupils in R2B have beautiful voices and they're making a great effort to learn the verses of the song. In drama the class retold the story of Oisín i dTír na nÓg and it's clear that there are some great actors in the class also!*

*We celebrated maths week also last month and the class took park in a school competition where we had to decorate the classroom door in a mathematical way showing that they had 'mathematical eyes'.*





## R4A Múinteoir Mícheal Ó Mocháin

Ghlac na daltaí ról an mhúinteora an mhí seo chaite nuair a chaitheadar tréimhse mar mhúinteoirí i rang na Naíonáin! Chum na daltaí a gcluichí mata féin agus mhúin siad do na páistí óga conas iad a imirt. Sár-jab déanta acu!

*The pupils took on the role of teacher last month when they spent time as teachers in the Infant class! The pupils created their own math games and taught the younger children how to play them. They did a great job!*

## R4B Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Bhain Rang 4B an-sult as a bheith gnóthach lena súile matamaitice i rith Seachtain na Matamaitice. Chruthaigh agus dhear na daltaí cluichí iontacha do rang na naíonaín mhóra. Bhí na naíonáin an-sásta leis na cluichí ar fad. Thaitin Izak 9 go mór leis an rang chomh maith. Ghlac siad páirt i Webineár ar líne le scoileanna eile ar fud na hÉireann chun rialacha Izak 9 a fhoghlaim.







*Rang 4B really enjoyed keeping their 'maths eyes' busy during Maths Week. The students created and designed some great games for the senior infants class. The infants were very happy with all the games. The class also really enjoyed engaging with Izak 9. They took part in an online Webinar with other schools across Ireland to learn how to use Izak 9 with ease.*

## R5A Múinteoir Emma de Róiste

Bhí mí iontach ag R5A an mhí seo chaite - bhaineamar taitneamh agus tairbhe as Seachtain na Matamaitice agus ag baint úsáide as ár gcuid 'Súile Matamaitice' le mata a fheiceáil sa domhain timpeall orainn - bhaineamar an-taitneamh as cluichí mata a imirt an tseachtain ar fad! Rinnemar lampaí láibhe san eolaíocht. Dhíríomar ar Oíche Shamhna freisin - scríobhamar scéalta, rinneamar obair ealaíne, agus mhaisíomar an seomra ranga don Samhain.

*R5A have had a great month in October - we really enjoyed Maths Week and using our 'Maths Eyes' to see maths in the world around us - we played lots of maths games all week! We made lava lamps in science. We celebrated Halloween in various ways - writing stories, creating lots of art and decorating our classroom!*







## R5B Múinteoir Mícheál de Bhailís

Rinne Rang a Cúig snoíodóireacht ar phumpcíní chun Oíche Shamhna a cheiliúradh. Nach gleoite iad? Is in Éirinn fadó a thosaigh an nós seo: Shnoíodh na Ceiltigh aghaidh ar thornapa chun landair a dhéanamh chun iad féin a chosaint ó na spioraid.



*Fifth Class carved pumpkins to celebrate Halloween. Aren't they lovely?*

*This tradition originated in Ireland long ago when the Celts carved faces into turnips to make lanterns to protect themselves from the spirits.*







## R6A Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

Tá R6A agus na ranganna sinsearacha eile sa scoil tosaithe ar chlár ríomhaireachta darbh ainm TTRS (Touch Type Read Spell) leis an gclóscríbhneoireacht a fhoghlaim i gceart Is gá dúinn na gluaiseachtaí láimhe agus an áit cheart leis na méara a choinneáil agus muid ag cló-scríobh a fhoghlaim. Tá sé deacair, ach táimid ag feabhsú! Caithimíd roinnt ama ar seo gach lá go mbíonn na iPadanna againn sa rang. Cabhróidh sé go mór linn inár saol agus inár ngairm bheatha amach anseo – nach bhfuil an t-ádh linn an deis a bheith againn é a thosú anois?!

*R6A and the other senior classes in the school have started a new computer programme called TTRS (Touch Type Read Spell) that teaches them how to type properly. We have to learn the hand movements as well as the correct finger positions when typing. It is difficult, but we are improving! We practice this each day that we have the iPads in our class. This will help us a lot in our lives and in our future careers – how lucky we are to have the opportunity to start it now?!*





## R6B Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock

Scríobh na páistí i R6B leabhair do na páistí sna bunranganna. D'oibrigh siad go dian ar na leabhair agus rinne siad léaráidí iontacha a tharraingt chomh maith. Bhí deis againn Léamh le Chéile a dhéanamh leis na páistí agus thaitin na leabhair go mór leis na páistí. Scríobh siad leabhair faoi Oíche Shamhna, faoi ainmhithe, faoi chairdeas, faoin scoil agus faoi go leor rudaí eile. Maith sibh!

*R6B wrote and illustrated Irish-language books for the children in the infant classes and in R1. They worked very hard on their stories, their drafts and their illustrations over a couple of weeks. We had the opportunity to do Paired Reading (Léamh le Chéile) with the children in the younger classes and they loved their books. They wrote books based on Halloween, school, friendship, animals and lots more! It was lovely to see the children in R6 work so well with the younger classes and help them with their Irish and their reading and chat to them as Gaeilge about their plans for Halloween!*



## Dátaí don Dialann

Ceiliúradh na Nollag 2025 - Christmas Concerts

Ceiliúradh na Nollag R1 & R2 - Céadaoin 10/12/2025 13:00

Ceiliúradh na Nollag N1 & N2 - Aoine 12/12/2025 12:30

Ceiliúradh na Nollag R3 go R6 - Máirt 16/12/2025 13:00 & 19:00

